Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9354/18**

**ECOFIN 490**
**UEM 184**
**SOC 309**
**EMPL 245**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8803/18 |
| Ábhar: | DRÉACHTCHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir le grinn-athbhreithnithe agus maidir le cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2017 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe agus cur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2017, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3619ú cruinniú a bhí aici, ar an 25 Bealtaine 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE GRINN-ATHBHREITHNITHE AGUS MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME MHOLTAÍ TÍR-SHONRACHA 2017**

Maidir leis an gComhairle (ECOFIN):

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur foilsíodh na tuarascálacha de réir tíre ón gCoimisiún lena ndéantar anailís ar na beartais eacnamaíocha do gach Ballstát, lena n-áirítear na grinn-athbhreithnithe (IDRanna) i gcomhthéacs an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha (NMM), agus lena ndéantar faireachán ar chur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2017, chomh maith leis an Teachtaireacht lena ngabhann. IS DÍOL SÁSAIMH DI an anailís chomhtháite agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá go mbeadh an anailís ar ghrinn-athbhreithnithe inaitheanta go maith, iomlán agus trédhearcach.

2. CUIRFIDH sí san áireamh na gnéithe sin, mar aon leis na cláir náisiúnta um athchóiriú, na cláir um chobhsaíocht agus um chóineasú agus an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ó mhí na Bealtaine 2018 nuair a ghlacfaidh sí moltaí tír-shonracha 2018.

**I. GRINN-ATHBHREITHNITHE**

3. MEASANN SÍ go dtugtar anailís chuimsitheach ardcháilíochta ar sheasamh na tíre i ngach Ballstát atá faoi athbhreithniú leis na domhain-athbhreithnithe, lena gcuirtear bonn ar fáil le haghaidh faireachas iltaobhach, úinéireacht fheabhsaithe intíre ar athchóirithe agus gníomhaíocht éifeachtach bheartais. AITHNÍONN SÍ gur cuireadh na huirlisí anailíseacha ábhartha feabhsaithe i bhfeidhm freisin i bhfianaise na ndúshlán ar leith a bhaineann le gach geilleagar agus gur comhlánaíodh iad le hanailís shubstainteach cháilíochtúil.

4. AONTAÍONN SÍ go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha de chineál agus de mhéid éagsúil ann i 11 de na Ballstáit sin a cuireadh faoi scrúdú (an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Spáinn agus an tSualainn) agus nach ann do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSlóivéin i gciall an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a thuilleadh.

5. TÁ SÍ AR COMHAIGNE leis an gCoimisiún go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha ann i 3 Bhallstát (an Chróit, an Chipir agus an Iodáil).

6. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil trédhearcacht agus comhsheasmhacht chur chun feidhme an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha tábhachtach lena áirithiú gurb iad na Ballstát iad féin a bheidh i bhfeighil ar an nós imeachta, rud atá tábhachtach freisin ó thaobh a éifeachtaí a bheidh sé. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart leas iomlán a bhaint as an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, ar bhealach intuigthe, lena n-áirítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a fheidhmiú i gcás ina measann an Coimisiún agus an Chomhairle gurb iomchuí sin a dhéanamh. AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI AN ATHUAIR pé uair a thagann an Coimisiún ar an tátal go bhfuil míchothromaíochtaí iomarcacha i mBallstát, ach nach moltar don Chomhairle an nós imeachta um míchothromaíochtaí iomarcacha a chur chun gnímh, ba cheart dó na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a mhíniú go soiléir agus go poiblí.

7. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn breise a rinne roinnt Ballstát chun a míchothromaíochtaí a cheartú, arna dtacú ag athchóirithe agus ag an leathnú eacnamaíoch. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaineann riosca i gcónaí le míchothromaíochtaí seachtracha agus inmheánacha ós rud é gur coigeartú mall ar luas mírialta a bhíonn i gceist leo, agus nach coigeartú struchtúrtha a bhíonn ann i ngach cás cé go bhfuil sé nasctha go pointe áirithe leis an timthriall dearfach eacnamaíoch. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhféadfaidh carnadh míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a tharlú i ngan fhios mar gheall ar ardú timthriallach. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá míchothromaíochtaí díobhálacha a laghdú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i gcás ina bhfuil comharthaí ann go bhfuil brú costais ag dul i méid i margadh na dtáirgí, i margadh an tsaothair agus i margadh na tithíochta i roinnt de na Ballstáit. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le gníomhaíocht bheartais agus le tiomantas láidir maidir le hathchóirithe struchtúracha sna Ballstáit uile, go háirithe má tá míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iontu a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú rianúil an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí ar bhealach inbhuanaithe, ar bhealach a chuireann feabhas ar an athléimneacht agus a dhéanann na rioscaí a laghdú, ag díriú ar na príomhdhúshláin agus ar dhálaí a chruthú ar mhaithe le fás agus le poist inbhuanaithe.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta i measc na dtíortha glan-fhiachacha chun a gcuid míchothromaíochtaí seachtracha a cheartú, cé go bhfuil staideanna glaninfheistíochta diúltacha idirnáisiúnta ann ar gnách go ngabhann stoic mhóra fiachais phríobháidigh agus rialtais leo. Ag an am céanna, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha atá nach mór gan athrú i roinnt de na tíortha ar creidiúnaithe iad. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart do na Ballstáit a bhfuil easnaimh sa chuntas reatha nó fiacha seachtracha arda acu iarracht sa bhreis a dhéanamh chun a n-iomaíochas a fheabhsú agus chun cosc a chur ar fhás rómhór i gcostais aonad saothair. Ba cheart do na Ballstáit ag a bhfuil barrachais mhóra sa chuntas reatha na dálaí a chruthú le fás pá a chur chun cinn, agus an ról náisiúnta atá ag na comhpháirtithe sóisialta á urramú, agus ba cheart dóibh tús áite a thabhairt do chur chun feidhme bearta lena gcuirfear infheistíocht chun cinn, lena dtacófar le hacmhainn éilimh agus fáis intíre, agus athchothromú á éascú freisin sa chaoi sin.

## II. MOLTAÍ TÍR-SHONRACHA A CHUR CHUN FEIDHME (CSRanna)

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE teist chur chun feidhme mholtaí tír-shonracha 2017 atá ag teacht leis na blianta roimhe sin cé go ndearadh roinnt dul chun cinn i gcás tuairim is leath de na moltaí tír-shonracha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nár cuireadh athchóiriú chun feidhme sa tslí chéanna sna réimsí beartais ná sna tíortha go léir.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na torthaí maidir le measúnú ilbhliantúil an Choimisiún ar mholtaí tír-shonracha a chur chun feidhme ina léirítear go bhfuil 'roinnt dul chun cinn déanta' i dtaobh breis agus dhá thrian de na moltaí ó cuireadh tús leis an Seimeastar Eorpach in 2011, ach tugann SÍ DÁ hAIRE nár baineadh an dul chun cinn sin amach go cothrom sna réimsí beartais ná sna tíortha ná thar am. MEABHRAÍONN SÍ go léirítear i measúnú ilbhliantúil an Choimisiúin go mbaineann roinnt moltaí tír-shonracha le saincheisteanna struchtúracha fadtéarmacha a ghlacann am chun aghaidh a thabhairt orthu agus go bhféadfadh roinnt am a bheith ag teastáil chun go mbeidh torthaí inláimhsithe ann.

11. Leis an timpeallacht fhabhrach mhaicreacnamaíoch atá ann faoi láthair, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá borradh nach beag a chur faoi chur chun feidhme an athchóirithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin bheartais a leagtar amach thíos, agus cosaint á tabhairt ar thuirse an athchóirithe agus dúshláin pholaitiúla an gheilleagair á sárú.

12. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil easnaimh ghinearálta rialtais agus cóimheasa fiachais ag dul i laghad ar bhonn leanúnach, ach CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tabhairt faoi bheartais fhioscacha agus lánurraim á tabhairt don chomhshocrú cobhsaíochta agus fáis, ar fud na mBallstát, agus ar an gcaoi sin riachtanais na cobhsaíochta agus ábhar imní maidir leis an inbhuanaitheacht á gcur san áireamh. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá maoláin fhioscacha a athbhunú mar gheall ar na dálaí dearfacha timthriallacha, go háirithe sna Ballstáit ina bhfuil cóimheas fiachais atá ard, agus acmhainneacht fáis na mBallstát a neartú ag an am céanna.

13. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cor chun feabhais san infheistíocht ach AITHNÍONN SÍ nach bhfuil ach sciar atá réasúnta íseal ó thaobh OTI de i gceist leis an infheistíocht fhoriomlán agus leis an infheistíocht phoiblí, go háirithe, i gcuid mhaith Ballstát agus go bhfuil gá fós le feabhas a chur ar dhálaí infheistíochta d'fhonn infheistíocht phríobháideach mhéadaithe a mhealladh san fhíorgheilleagar agus chun infheistíocht phoiblí agus bonneagair ar ardchaighdeán a áirithiú. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne na Ballstáit sna réimsí a bhaineann le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, ar an rochtain ar mhaoiniú, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a laghdaíonn na hualaí riaracháin agus a chruthaíonn córais chánach atá cothrom agus atá fabhrach don fhás. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart tosaíocht a thabhairt do thuilleadh athchóirithe struchtúracha chun baic ar infheistíocht a bhaint, feabhas a chur ar an acmhainneacht fáis, tuilleadh feabhais a chur ar an timpeallacht institiúideach agus ghnó, agus éifeachtúlacht riaracháin agus an cháilíocht rialála a neartú. TUGANN SÍ DÁ hÁIRE, i ndáil leis sin, gur gá an margadh aonair a neartú, rud a chothaíonn tuilleadh athchóirithe struchtúrtha i margadh na dtáirgí agus i margadh na seirbhísí, agus athchóiriú a dhéanamh ar chreataí dócmhainneachta, rud a chuireann lena n-éifeachtúla atá siad. D'fhágfadh sin go gcuirfí leis an athléimneacht agus go gcuirfí ar chumas na ngeilleagar dul i ngleic le suaitheadh.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil feabhas mór tagtha ar earnáil na baincéireachta agus go bhfuil cóimheasa iasachtaí neamhthuillmheacha tar éis cobhsú i mbeag nach gach Ballstát den limistéar euro is mó a bhí thíos leis nó go bhfuil siad ag dul i laghad, ach CUIREANN SÍ I dTREIS nach ionann an dul chun cinn ar fud na mBallstát agus na mbanc. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta mar sin, i gcomhréir le plean gníomhaíochta na Comhairle.

15. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dúshlán roimh an Eoraip go fóill maidir le táirgiúlacht, le fás marbhánta táirgiúlachta atá ar gcúl na rátaí fáis in ardgheilleagair eile. Ós amhlaidh atá CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá athchóirithe struchtúrtha agus infheistíocht in oideachas agus in oiliúint atá ar ardchaighdeán ionas gur féidir an nuálaíocht agus an digitiú a chothú, agus idirleathadh teicneolaíochtaí nua a éascú leis an táirgiúlacht agus leis an bhfosaíocht a luathú. Cuireann aosú an daonra le tábhacht an dúshláin. Táthar ag tuar go n-imeoidh sciar na ndaoine atá in aois oibre sa daonra iomlán i léig ar fud an Aontais, agus go mbeidh sé sin fíor i gcás roinnt Ballstát go háirithe.

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh in earnáil an tsaothair, ach TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin mhóra ann i gcónaí. I roinnt Ballstát, tá an dífhostaíocht fós ard, agus tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dífhostaíocht i measc na n-óg agus an dífhostaíocht fhadtéarmach a laghdú. Ní mór aird ar leith a dhíriú ar imircigh agus ar dhídeanaithe, go háirithe, a lánpháirtiú mar is ceart. Ní mór d'earnáil an tsaothair agus do na córais shóisialta agus do na córais oideachais iad féin a oiriúnú chun gur féidir dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an domhandú agus leis an dul chun cinn teicneolaíochta. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM gur gá creataí margáil faoi phá lena dtacaítear le socrú pá i gcomhréir le forbairtí áitiúla agus earnálacha maidir leis an táirgiúlacht agus leis an dífhostaíocht, agus urraim á tabhairt do ról náisiúnta na gcomhpháirtithe sóisialta, mar aon leis an ngá atá le gníomhaíocht beartais chun tacaíocht a thabhairt d'uas-sciliú agus d'athsciliú atá ag teacht le riachtanais mhargadh an tsaothair agus chun beartais éifeachta gníomhacha mhargadh an tsaothair a áirithiú. Tá margaí saothair atá dinimiciúil agus solúbtha tábhachtach chun poist ardcháilíochta a chruthú agus chun tacú le haistrithe i margadh an tsaothair.

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chaoi a ndearna an Coimisiún colún Eorpach na gceart sóisialta a ionchorprú laistigh de na tuarascálacha de réir tíre chun súil a choinneáil ar fheidhmíocht na fostaíochta agus ar an bhfeidhmíocht shóisialta, rud a d'éascaigh díriú ar mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus ar na príomhthosaíochtaí athchóirithe eacnamaíocha atá le coinneáil.